Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# FIOS FOGHLAMA

## AIBREÁN 2026

Fáilte romhaibh chuig eagrán Aibreáin d'Fhios Foghlama ón nGaelAonad.

A chómhúinteoirí,

Tá an tEarrach faoi lán seoil anois agus fuinneamh úr le brath i ngach áit. Is tráth den scoth é seo chun cur leis an bhfoghlaim agus le húsáid na Gaeilge ar bhealaí cruthaitheacha sa seomra ranga.


Tá súil againn go mbeidh an t-eagrán seo ina chabhair daoibh agus sibh ag leanúint leis an obair iontach atá ar bun agaibh gach lá, agus go spreagfaidh sé sibh le deiseanna nua foghlama a chruthú do bhur scoláirí.

Le buíochas agus le meas,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid



## AG SAIBHRIÚ NA GAEILGE IN ARDRANGANNA BUNSCOILE LÁN-GHAEILGE

**Tar éis an-éileamh ar na hEFGanna go dtí seo tá an dá dháta dheireanacha den EFG seo i 2025/26 ar siúl- ná caill an deis a bheith linn!**



Oide

Ag Saibhriú na Gaeilge
in Ardranganna Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

Tá cead ag ceannaire scoile amháin agus múinteoir amháin eile ó gach scoil freastal ar an seimineár seo.Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Óige clúdach ionadaíochta ar fáil más gá. Is féidir clárú ag an nasc seo- https://oide.ie/ga/muinteoiri/

| Dáta | Ionad |
|---|---|
| 15 Bealtaine 2026 | Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí |
| 26 Bealtaine 2026 | Ionad Tacaíochta Oideachais Chontae Dhún na nGall |

Cláraigh anseo

Tugtar cuireadh do bheirt mhúinteoirí ó gach bunscoil lán-Ghaeilge freastal ar an EFG seo. Cuirfear clúdach ionadaíochta ar fáil, más gá.

oide.ie
@OidePrimGaeilge @oidegaelaonad

Tacóidh an tEispéireas Foghlama Gairmiúla seo le ceannairí agus le múinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, cruinneas agus saibhreas teanga a ndaltaí a fhorbairt trí:

- Straitéisí praiticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm
- Dheiseanna nádúrtha úsáide teanga, a spreagadh agus a chothú le fócas ar Ghaeilge an tsóisialaithe
- Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí agus ar na torthaí foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile
- Mhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus ar dheiseanna le haghaidh feabhsúcháin a aithint

Cuirfear clúdach ionadaíochta do bheirt mhúnteoirí ar fáil.

**Is féidir clárú ag an nasc seo-https://oide.ie/ga/muinteoiri/**


# Clinicí ar líne do cheannairí scoile

**Cad?**
Clinicí ar líne do cheannairí scoile chun tacú le plé ar Chreatchuraclam na Bunscoile

**Cé?**
Buailfidh Ceannaire Foghlama Gairmiúla ó Rannán Cheannaireacht Oide ar líne le Príomhoide nó Leas-Phríomhoide

**Cathain?**
Gach ré Déardaoin, 12ú Feabhra – Meitheamh 2026
Tuairim is 25 nóiméad don chruinniú

**Conas?**
Is féidir iad a chur in áirithe roimh ré tríd an gCód MF anseo




# An tAiseolas Ceartaitheach mar Chur Chuige chun Cruinneas a fhorbairt i gComhthéacs an Tumoideachais


Oide

An tAiseolas Ceartaitheach mar Chur Chuige chun Cruinneas a fhorbairt i gComhthéacs an Tumoideachais

Tá sé mar aidhm ag an seimineár gréasáin seo tacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge cruinneas a fhorbairt i measc foghlaimeoirí. Díríonn an EFG ar líne seo ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon.

Le linn an tseimineáir, gheobhaidh na rannpháirtithe deiseanna:
- tuiscint a fháil ar cad is Aiseolas Ceartaitheach (AC) ann
- foghlaim faoi roinnt straitéisí AC chun AC éifeachtach a thabhairt
- tuiscint a fháil ar conas AC a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile

Sonraí Tábhachtacha

Dáta: Dé Máirt, 28 Aibreán
Am: 16:00-17:15
Suíomh: Ar líne

Is féidir cliceáil ar an nasc seo le clárú a dhéanamh:
https://dms.oide.ie/event/public
Déan tóraíocht ar 'An tAiseolas Ceartaitheach'

Tuilleadh Eolais
Má tá aon cheist agat seol ríomhphost chuig eolas@oide.ie

oide.ie
@OidePrimGaeilge
@Oide_PP_Gaeilge

Le linn an tseimineáir, gheobhaidh na rannpháirtithe deiseanna:

- tuiscint a fháil ar cad is Aiseolas Ceartaitheach (AC) ann
- foghlaim faoi roinnt straitéisí AC chun AC éifeachtach a thabhairt
- tuiscint a fháil ar conas AC a chur i bhfeidhm sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile

Dáta: Dé Máirt, 28 Aibreán
Am: 16:00-17:15
Suíomh: Ar líne

Is féidir cliceáil ar an nasc seo le clárú a dhéanamh:
**https://dms.oide.ie/event/public**
Déan cuardach ar 'An tAiseolas Ceartaitheach'

# IMEACHT NA MÍOSA
## TIONÓL FORBARTHA 2026

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tá Tionól Forbartha 2026 ar siúl in **Óstán Slieve Russell** ar an **13 Samhain 2026**.

Bí ann don ócáid fhíorspeisialta seo agus buail le do chuid comhghleacaithe chun saincheisteanna a bhaineann leis an oideachas lán-Ghaeilge a phlé; dea-chleachtais a mhalartú; foghlaim óna chéile; acmhainní nua a thriail; smaointe cruthaitheacha nua a fháil; agus líonrú le pobal leathan oideachasóirí, taighdeoirí, agus baill foirne eile.

Beidh réimse leathan ceardlann ar siúl don bhunleibhéal agus don iar-bhunleibhéal arís i mbliana.




**Tuilleadh eolais a fháil anseo faoin gClár Imeachtaí, Lóistín agus Taisteal.**
https://gaeloideachas.ie/maidir-gaeloideachas/comhdhail-bhliantuil/?lang=ga

## PODCHRAOLADH NA MÍOSA




Ar an gclár seo, pléann Dr. Claire Dunne (Léactóir) agus Clódagh Ní Mhaolchiaráin (Príomhoide) Prionsabail an Teagaisc, na Foghlama agus na Measúnachta mar a ndéantar cur síos orthu i gCreatchuraclam na Bunscoile. Pléann siad an chuma atá ar na prionsabail sin (aistrithe agus leanúnachas, caidrimh, comhpháirtíochtaí, gníomhú agus rannpháirtíocht, measúnú agus dul chun cinn, timpeallachtaí foghlama, oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht agus oideolaíocht) i dtéarmaí praiticiúla i múineadh na Gaeilge.

**Éist leis anseo:**
https://ncca.ie/en/primary/primary-developments/ongoing-primary-developments/podcast/

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## SEANFHOCAL NA MÍOSA

Is fada an bóthar nach bhfuil casadh ann.



## SAMHLACHA NA MÍOSA

Chomh ríméadach leis na cuacha
Chomh leitheadach leis na cuacha
Chomh haerach le druid
Chomh geal leis an eala
Chomh dubh le préachán
Chomh dubh le cleite an fhéich
Chomh liath leis an iolar




# Ábhar Tacaíochta do Mhúinteoirí

curaclam ar líne
curriculum online

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Tá sraith ábhar tacaíochta ar fáil don Léitheoireacht do scoileanna T1 agus do scoileanna T2 (Gaeilge agus Béarla). Baineann na hábhair thacaíochta go sonrach le gach lipéad Toradh Foghlama. Feidhmíonn siad mar thúsphointe agus múinteoirí ag obair leis na Torthaí Foghlama. Cé go bpléitear le gach lipéad ann féin sna hábhair thacaíochta seo, is iondúil go n-oibríonn Torthaí Foghlama ó lipéid éagsúla as lámha a chéile agus páistí i mbun foghlama.


CÉIMEANNA 1 GO 2 (NAÍONÁIN SHÓISEARACHA GO RANG A DÓ

NCCA Tacar Uirlisí Teanga na Bunscoile – Ábhar Tacaíochta

Léitheoireacht — Toradh Foghlama (TF) 4 Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach

**Cad is feasacht fhóineolaíoch ann?**

Is scil ó bhéal agus ón gcluas í an fheasacht fhóineolaíoch, agus díríonn sí ar fhuaimeanna na teanga labhartha, lena n-áirítear focail, rím, siollaí, túsfhoghar agus foghar deiridh agus fóinéimí. Déantar cur síos ar an bhfeasacht fhóinéimeach san ábhar tacaíochta eile don Toradh Foghlama seo.



**Cén fáth a mbaineann tábhacht leis an bhfeasacht fhóineolaíoch?**


Is cuid ríthábhachtach í an fheasacht fhóineolaíoch i luathfhorbairt na litearthachta. Leagann sí síos bunchloch d'fhorbairt scileanna léitheoireachta. Tacaíonn sí le litriú agus scríbhneoireacht na bpáistí freisin. É sin ráite, tá sealbhú agus forbairt teanga an-tábhachtach mar thús agus mar ghné leanúnach i bhforbairt na litearthachta Gaeilge.

Seans go mbeidh tacaíocht sa bhreis ag teastáil ó roinnt páistí maidir le gnéithe áirithe den fheasacht fhóineolaíoch. Tá ról an-tábhachtach ag measúnú chun na páistí seo a aithint. Tá tacaíocht spriocdhírithe agus teagasc follasach an-tábhachtach chomh maith do na páistí seo.

**Céard iad na rudaí sainiúla a bhaineann le feasacht fhóineolaíoch na Gaeilge?**

Ní hionann an tábhacht a bhíonn le gnéithe den fheasacht fhóinéimeach i dteangacha éagsúla. I gcomhthéacs na Gaeilge, tá gnéithe a thacóidh go mór le feasacht ar an teanga, m.sh., tá tábhacht nach beag le siollaí na Gaeilge agus tá nasc idir rím agus litriú. Cuir neart eispéiris spraíúla ar fáil chun na gnéithe sin den fheasacht fhóineolaíoch a fhorbairt m.sh., aithris a dhéanamh ar rainn, éisteacht le rannleabhair, spraoi le siollaí, srl.

**Nóta:** Bheadh an leabhrán *Eolas Fóineolaíochta*, atá ar fáil anseo, cabhrach do mhúinteoirí. Tá leabhrán *Fuaimeanna Fónaicí: Feasacht Fhóineolaíoch agus Forbairt Teanga* ar fáil chomh maith anseo, ina bhfuil liostaí focail srl. a d'fhéadfadh a bheith cabhrach.


**Smaointe don Fhoghlaim agus don Teagasc: Túsfhoghar agus foghar deiridh**

Is é an túsfhoghar an chuid den siolla a thagann roimh an nguta; is ionann an foghar deiridh agus an chuid eile den siolla. Mar shampla, is é /r/ an túsfhoghar san fhocal aonsiollach rón, agus is é ón an foghar deiridh.

Moltaí: Foghlaim ghníomhach




Beidh deiseanna ag na páistí

- túsfhoghair agus foghair dheiridh a chumasc le focail a chumadh
  - Bain úsáid as an bhfoghar deiridh céanna le go mbeidh taithí ag na páistí ar an scil sula dtéitear ar aghaidh chuig focail ina bhfaightear éagsúlacht san fhoghar deiridh (M.sh., óg: bróg, tóg, póg, srl., án: bán, dán, slán, lán, srl.)
- cluichí a imirt chun feasacht a fhorbairt faoi thúsfhoghar agus foghar deiridh agus pictiúrchártaí á n-úsáid, M.sh.,
  - Tascanna le rangú: cuir na focail uile leis an bhfoghar deiridh sa ghrúpa céanna
  - Tascanna an ceann corr
- úsáid láimhseoga (cearnóg don túsfhoghar agus dronuilleog don fhoghar deiridh) chun túsfhoghair agus foghair dheiridh a chumasc nó a dheighilt (cuir na cruthanna le chéile chun cumasc agus scar óna chéile iad chun deighilt)
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spraíúla chun feasacht a fhorbairt ar thúsfhoghair agus foghair dheiridh:
  - Gadaí na bhFuaimeanna: Sciobann puipéad na túsfhoghair ó ainmneacha rudaí sa seomra, ainmneacha na bpáistí, srl. Tugann na páistí buille faoi thuairim cad é an focal. M.sh., 'róg' (bróg) agus 'lós' (clós)

## Léitheoireacht

- TF 1 Rannpháirtíocht
- TF 2 Inspreagadh agus rogha
- TF 3 Gnasanna cló
- TF 3 Struchtúr abairte
- TF 4 Feasacht fhóineolaíoch
- TF 4 Feasacht fhóinéimeach
- TF 5 Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail
- TF 6 Stór focal
- TF 7 Cuspóir, seánra agus guth
- TF 8 Freagairt agus intinn an údair
- TF 9 Tuiscint
- TF 9 Céim ar chéim Straitéisí Tuisceana
- TF 10 Líofacht agus féincheartú
- TF 10 Céim ar chéim Amharclann an Léitheora

## Samplaí d'Fhoghlaim Teanga na bPáistí



Léitheoireacht: Ag cothú spéise i léitheoireacht na Gaeilge

Scoil mheán-Bhéarla

## Tuilleadh Eolais ar fáil anseo:

Ábhar Tacaíochta do Mhúinteoirí | Curriculum Online

# Beatha Teanga

Bíonn timpeallacht fháiltiúil i gcónaí le brath i scoileanna agus ins na scoileanna Gaeltachta & Lán-Ghaeilge bíonn sí Gaelach freisin. Seo thíos pointí ón gcaibidil "Timpeallacht Ghaelach a Chruthú" sa leabhar Beatha Teanga chun an timpeallacht Ghaelach a threisiú do dhaltaí, do thuismitheoirí agus don phobal ar fad.




### Do dhaltaí

- 'An Ghaeltacht' a chur mar chomhartha ag geata na scoile mar ancaire teanga.
- Comharthaíocht Ghaeilge a chrochadh fud fad na scoile laistigh agus lasmuigh.
- An Ghaeilge a bheith fite fuaite trí ealaín an chlóis.

### Do thuismitheoirí

- Nathanna úsáideacha do thuismitheoirí/cuairteoirí a chrochadh ag fáiltiú na scoile.
- Eolas a chur ar fáil maidir le ranganna Gaeilge a bhíonn ar siúl sa scoil nó sa cheantar.
- Frasaí agus foclaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí a bheidh úsáideach agus iad ag tabhairt cuairt ar an scoil.

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tuilleadh eolas ar fáil ag: https://beathateanga.ie/4-timpeallacht-ghaelach-a-chruthu/

## COMÓRTAS GHREANNÁN

An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

Le cuid mhaith blianta tá Gaeloideachas ag déanamh urraíochta ar Comórtais Ghreannán do Bhunscoileanna Lán-Ghaeilge & Gaeltachta faoi Comórtais Liteartha don Scríbhneoir Óg a reáchtáiltear faoi Oireachtas na Gaeilge.
Bíonn comórtais ann don Bhunleibhéal (4 chomórtas, Ranganna 3-6)agus don Iar-bhunleibhéal (2 chomórtas, Blianta 1,2,3& Blianta 4,5,6). Tá duaiseanna fhlaithiúla ar fáil. Spreagaigí bhur ndaltaí le cur isteach orthu. An spriocdháta d'iarratais 2026: 1 Iúil 2026.


Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

**Tá foirm iontrála agus eolais faoi Chomórtais 2026 ar fáil anseo**: https://pangr-comlit.herokuapp.com/#
**Tá buaiteoirí 2025 ar fáil anseo**:https://gaeloideachas.ie/comortais-liteartha-don-scribhneoir-og-2025-buaiteoiri-agus-a-saothair/?lang=ga





# ACMHAINN NA MÍOSA


## Sceitimíní le Claire M. Dunne




### Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Drámaíochta

Tá dlúthbhaint idir an Ghaeilge agus na healaíona agus tugann an ceacht drámaíochta deis don pháiste é féin a chur in iúl go healaíonta, agus a chuid Gaeilge a úsáid i suíomh taitneamhach eile. Tá na moltaí sa leabhar seo bunaithe ar thaithí go leor múinteoirí éagsúla agus ar áiseanna atá curtha ar fáil ag múinteoirí díograiseacha cheana féin. Tá bileoga oibre ag dul le roinnt gníomhaíochtaí agus is féidir cur leo de réir mar a oireann don rang.


Ceapadh roinnt gníomhaíochtaí mar gheall ar thorthaí **taighde** atá déanta ar mhúineadh na Gaeilge i mbunscoileanna na hÉireann agus ar an bhfoghlaim chomhtháite ábhar agus teanga. Sna cásanna sin, feicfidh tú an tsiombail seo a leanas:


Tá gníomhaíochtaí molta don seomra ranga agus cinn eile le déanamh **sa bhaile** chun daingniú a dhéanamh ar an ábhar. Feicfidh tú an tsiombail seo sna comhthéacsanna sin:


Baineann gníomhaíochtaí eile leis an saol sa phobal áitiúil agus **lasmuigh de gheataí na scoile.** Feicfidh tú an tsiombail seo sna comhthéacsanna sin:




**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
https://tairseachcogg.ie/Home/Search

### Cosán Coinsiasa

**Mar chuid den ghníomhaíocht seo, faigheann na páistí taithí ar chomhairle a thabhairt do charachtar.**

**Gnéithe drámaíochta:** ról agus carachtar, creideamh, gníomhaíocht

**Gníomhaíocht drámaíochta:** cosán coinsiasa, mím

**Spreagadh:** Liosta na bhfadhbanna a úsáideadh don ghníomhaíocht 'Tá Fadhb Agam'.

***Téigh siar ar an ngníomhaíocht 'Tá Fadhb Agam' roimh ré más gá.**


- Deir an múinteoir 'Tá fadhb agam!' agus insíonn sé/sí an fhadhb don rang. 'Chaill mé X.'
- Ina mbeirteanna, caithfidh siad teacht aníos le píosa comhairle amháin don charachtar.
- Seasann an rang i gciorcal. Siúlann an múinteoir timpeall an chiorcail agus tabharfaidh na páistí uile comhairle dó/di.
- Roghnaíonn an rang páiste eile agus tagann an páiste sin aníos le fadhb eile.
- Cumann an rang dhá phíosa comhairle an uair seo.
- Siúlann an páiste leis an bhfadhb timpeall an chiorcail ag éisteacht leis an gcomhairle ar fad.
- Piocann an múinteoir trí phíosa comhairle agus déanann an rang mím do na píosaí comhairle sin.

# NA WEATHERBIES




Tá lúcháir ar The Weatherbies a fhógairt go bhfuil muid anois ag soláthar ár gceardlann idirghníomhach trí Ghaeilge. Tugann na ceardlanna seo an fuinneamh, an chruthaitheacht agus an spraoi céanna chuig scoileanna – anois trí mheán na Gaeilge.

Déan teagmháil le Peter ag peter@theweatherbies.co.uk nó tabhair cuairt ar https://theweatherbies.co.uk/ chun tuilleadh eolais a fháil.






# EALAÍN NA MÍOSA

## An Renaissance

Foghlaim TG4







Sa chéad fhíseán ó **Cúla 4 ar scoil,** déanann Síle gnéithe éagsúla an Renaissance a iniúchadh – nuair a tharla athruithe móra sa chultúr, san ealaín & sa teicneolaíocht. Tá cluiche "Fíor nó bréagach" aici chun deireadh a chur leis an gceacht.


Sa dara físeán, pléann Síle an Séipéal Sistíneach a phéinteáil Michelangelo agus déanfaidh sí iarracht a leagan féin a dhéanamh.Tá an ceacht seo dírithe ar dhaltaí ó rang a trí go dtí rang a sé.

**Tuilleadh eolais le fáil ag:**
https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/yayuY5_A5lE

# LEABHAR NA MÍOSA

## AN EALA ÓRGA agus scéalta eile ón India

Bhí an ghrian go hard sa spéir. Thosaigh na hainmhithe móra ag gearán. 'Tá an ghrian i bhfad róthe!' arsa an buabhall uisce. 'Tá,' arsa an eilifint. 'B'fhearr liom é mura n-éireodh sí in aon chor!' Chuala an ghrian ag caint iad. Shocraigh sí nach n-éireodh sí lá arna mhárach ná an lá ina dhiaidh sin. Stailc! I scéal seo na gréine, agus i scéalta An Eala Órga trí chéile, tugann **Gabriel Rosenstock**, mar aon lena chomhealaíontóir, **Brian Fitzgerald**, ar thuras geal i bhfad is i gcéin muid. Seo againn Gúrú na Gaeilge agus é i mbarr a réime.




**Léigh sliocht as an leabhar anseo:**
https://www.forasnagaeilge.ie/angum/wp-content/uploads/sites/5/2020/10/Barundan-Da-Chloigeann.pdf

# ACMHAINN NA MÍOSA

## Éireannaigh san Eolaíocht




Tá go leor curtha ag Éireannaigh le taighde eolaíochta agus le fionnachtana ar fud an domhain. In EPIC Músaem Imirce na hÉireann, tá dánlann iomlán againn do ghaiscí eolaithe Éireannacha


**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
https://www.tairseachcogg.ie/Home/ResourceDetails_HYtIf125x=H0EdmhVYJn2BxERlrZSG2VvupeJczgO4APCgYA9lX3HVVb91eiNznansojzdha7B


# DÁN NA MÍOSA

## Eilfint ar an Trá



Eilifint
Ar an trá,
Ag caitheamh a bicíní.
Rinne sí
Rince beag,
Ar a barraicíní.
'Stop!' a bhéic
an Portán beag
'Seachain mo chrúibíní!'
Och! Ochón!
An créatúr bocht,
Ina smidiríní!





Le Máire Ní Ghallchobhair


# CLUICHE NA MÍOSA

## Toporopa-Oiliúint Inchinne le Tíreolaíocht




Tá cluichí tíreolaíochta, tráth na gceist, cluichí siamsúla agus oideachasúla ar fáil do pháistí ar an suíomh seo.

**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
https://www.toporopa.eu/ie/index.html




# AMHRÁN NA MÍOSA

## Thugamar Féin an Samhraidh Linn

Bábóg na Bealtaine, maighdean an tSamhraidh
Suas gach cnoc 's síos gach gleann
Cailíní maiseacha bán-gheala gléasta
Thugamar féin an Samhradh linn

Samhradh, Samhradh, bainne na ngamhna
Thugamar féin an Samhradh linn
Samhradh buí na nóinín glégeal
Thugamar féin an Samhradh linn

Thugamar linn é ón gcoill chraobhaigh
Thugamar féin an Samhradh linn
Samhradh buí ó luí na gréine
Thugamar féin an Samhradh linn

Samhradh, Samhradh, bainne na ngamhna
Thugamar féin an Samhradh linn
Samhradh buí na nóinín glégeal
Thugamar féin an Samhradh linn

Samhradh, Samhradh, bainne na ngamhna
Thugamar féin an Samhradh linn
Samhradh buí na nóinín glégeal
Thugamar féin an Samhradh linn




**Tuilleadh eolais ar fáil anseo:**
https://youtu.be/5aBhxKzMaas

Foghlaim TG4

## CIARÓG CHARA CÚLA4




cúla4

Tá tionscnamh suaitheantais nua, 'Ciaróg Chara' á sheoladh ag Cúla4 chun Cainteoirí Gaeilge Óga a cheiliúradh!! Is suaitheantas siombalach é an Ciaróg Chara a spreagann páistí an grá atá acu don Ghaeilge a chaitheamh, a rá agus a roinnt.

Is féidir le scoileanna rannpháirteacha a n-ábhar Ciaróg Chara a iarraidh ó Cúla4, suaitheantais agus póstaeir fógraíochta san áireamh, chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí agus iad a spreagadh ar a n-aistear leis an nGaeilge.

Is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig cula4@tg4.ie

### Comhoibriú & Cabhair

**Cúntóir Ranga:**
Cuidíonn siad lena gcomhdhaltaí a dteastaíonn tacaíocht uathu

**Ag Glacadh Páirte:**
Glacann siad páirt sa rang

**Ag Cabhrú le Comhdhaltaí:**
Cuidíonn siad lena gcomhdhaltaí nó le daltaí níos óige

### Comhrá & Cairdeas

**Saibhreas Teanga:**
Tá saibhreas teanga acu

**Gaeilge sa Chlós:**
Labhraíonn siad Gaeilge sa chlós, le linn corpoideachais nó ar an bpáirc imeartha

**Cairdeas trí Ghaeilge:**
Spreagann siad daoine eile Gaeilge a labhairt

## CUNTAS INSTAGRAM AN GHAELAONAID

Tá lúcháir ar Fhoireann an GhaelAonaid go bhfuil cuntas Instagram an GhaelAonaid ar an bhfód anois. Bí cinnte sinn a leanúint don nuacht is déanaí agus chun teacht ar réimse acmhainní agus tacaíochtaí don seomra ranga.

# Lean sinn tríd an gcód MF nó déan cliceáil anseo.

OIDEGAELAONAD

**Séanadh**: 'Is acmhainn iad na cora poist seo agus tá an t-eolas atá iontu ábhartha agus suas chun dáta ag dáta a bhfoilsithe amháin. Is gá don úsáideoir a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí faighte acu ó shuíomhanna áirithe eile amhail CNCM, ROÓ.